

A COUNTRY RAMBLE IN MARCH . p. 38

Mí shoineannta Márta, sin í an mhí is feileamhnaighe don taistealaidhe ar mhaith leis spaisteoireacht bríoghmhar agus an ghaoth ar a chúla an uair a bhíos an spéir gorm agus geal os a chionn agus an fód tirim faoi na chos, an ghaoth fhuar anois agus an ceo dubh dá chrocadh i n-áirde aice. Beidh sí againn go minic gan aimhreas, ach má bhíonn féin tá “an geimhreadh ar ceal agus tá tuar na n-éan ceoil ar fagháil” agus tá an cosmhalacht ar chuile mhíle rud beo go n-airigheann siad an méid sin. Tá corruighe ar éanlaith, ar mhíolaibh, ar phlannda is gach áit. Na cuartaithe geimhridh sa úr seo na siocáin sneachta, na deargáin sneachta, na driseacháin, na fuiseoga coigcríocha, na druideoga, na gobadáin corcra, na crotaiigh agus mórán éanacha nach iad. Tá siad a feitheamh leis an ngaoth andeas agus nuair séidfeas sí sin dóibh tiubhraidh siad aghaidh ar a’ talamh síolruighthe san Iorua, san tSualainn, Iceland agus Finland

agus cuid aca rachaidh siad ó thuaidh den Cearcal Arctic mar gníos an gobadán corcra agus an crotach. Tá an varnish leáighte ag an ngréin ar gheineoga an chrainn Gaedhealach agus tá na duilleoga dá sgeicheadh cheana féin; tá an fhearnóg agus an coll faoi na catkins canaigh.

Má thugann tú craoibhín abhaile leat agus a chur i gcrúsca i seomra beidh an bord faoi bhrat deannaidh i gceann uaire nó dhó. Is ar mhaith leis na blatháin bhídeacha buireann atá an coirín seo ann, an catkin luaimneach agus an deannach séidhte, mar sgeitheann na blátháin úd go díreach nuair a stroicheann an catkin fireann a sheagh.